Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9475/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0103 (COD)**

**CODEC 881**
**PE 70**
**WTO 145**
**ANTIDUMPING 8**
**COMER 49**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDH AN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad<br>- Toradh ón dara léamh ag Parlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 28 go 31 Bealtaine 2018) |

## I. VÓTÁIL

Ós rud é nár glacadh aon leasú, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh formheasta.

Tá téacs rún reachtach Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

## II. GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDH AN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, meastar go bhfuil an gníomh i dtrácht glactha san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, mar a bhforáiltear dó sin in Airteagal 294 (7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ag Uachtarán na Comhairle agus ag Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh i dtrácht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

# Cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte agus allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Bealtaine 2017 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (05700/1/2018 – C8-0168/2018 – 2013/0103(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (05700/1/2018 – C8 – 0168/2018)

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[1] ar an togra ón gCoimisiúin chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2013)0192),

– ag féachaint d’Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta

– ag féachaint do Riail 67a dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A8-0182/2018),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

---

[1] IO C 443, 22.12.2017, lch. 934.

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.